# CINNEADH (AE) 2022/14 ÓN gCOMHAIRLE

## an 2 Nollaig 2021

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (Coinbhinsiún Barcelona) gona Phrótacail a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun Pleananna Réigiúnacha maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus le Bainistiú Sloda Séarachais a ghlacadh faoi chuimsiú Airteagal 15 den Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh (Prótacal LBS)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh 1999/801/CE ón gComhairle [1], thug an tAontas i gcrích an Prótacal leasaithe a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara ("Coinbhinsiún Barcelona") maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh (an "Prótacal LBS") agus tháinig sé i bhfeidhm an 11 Bealtaine 2008.

(2) De bhun Airteagal 15(1) de Phrótacal LBS, tá an cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail le pleananna gníomhaíochta réigiúnacha a ghlacadh ina mbeidh bearta agus tráthchláir maidir lena gcur chun feidhme.

(3) Ag an 22ú cruinniú dá gcuid, ón 7 go dtí an 10 Nollaig 2021, táthar ag súil go nglacfaidh na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail cinneadh ("an Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha") lena nglactar Pleananna Réigiúnacha maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus le Bainistiú Sloda Séarachais ("na Pleananna Réigiúnacha") faoi chuimsiú Airteagal 15 de Phrótacal LBS.

(4) Baineann Cinneadh na bPáirtithe Conarthacha le cosaint an chomhshaoil, ar inniúlacht chomhroinnte í idir an tAontas agus na Ballstáit faoi Airteagal 4(2), pointe (e), den Chonradh. Ní chuimsítear Cinneadh na bPáirtithe Conarthacha faoi aon réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha an Aontais maidir leis an gcosaint sin. Níl sé de rún ag an Aontas úsáid a bhaint as an bhféidearthacht a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir le réimsí a chumhdaítear le Cinneadh na bPáirtithe Conarthacha nár feidhmíodh a inniúlacht go hinmheánach ina leith go fóill.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gCruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail a bhunú ós rud é go mbaineann an Cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha leis na Pleananna Réigiúnacha a ghlacadh ar pleananna iad a bheidh ina gceangal ar an Aontas de bhun Airteagal 15(3) de Phrótacal LBS.

(6) Ós rud é gurb é is cuspóir do na Pleananna Réigiúnacha nuashonrú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le cosaint na Meánmhara, modhnú a dhéanamh ar ghealltanais agus uaillmhianta idirnáisiúnta an Aontais, agus feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil, ba cheart don Aontas tacú le glacadh Chinneadh na bPáirtithe Conarthacha,

[1] Cinneadh 1999/801/CE ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 1999 maidir leis na leasuithe ar an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar thruailliú ó fhoinsí ar talamh a ghlacadh (Coinbhinsiún Barcelona) (IO L 322, 14.12.1999, lch. 18).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 22ú Cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail tacú le glacadh an Chinnidh lena nglactar Pleananna Réigiúnacha maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus le Bainistiú Sloda Séarachais faoi chuimsiú Airteagal 15 den Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh.

*Airteagal 2*

I bhfianaise forbairtí ag an 22ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona gona Phrótacail, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a mhionchoigeartú le linn na gcruinnithe comhordaithe a bheidh ar siúl ar an láthair gan cinneadh dá éis sin ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. VRTOVEC